www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**2013**

# Stair

## Aonad Measúnaithe AS 1

**[AH111]**

**DÉ LUAIN 3 MEITHEAMH, MAIDIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Níl ach **rogha 5** ar fáil ar an leagan Gaeilge seo den scrúdpháipéar.
Freagair ceist **1(a)** nó **1(b)** agus ceist **2** as an **rogha agat**.
Léirigh do rogha go soiléir ar an Leabhrán Freagraí.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **1** agus i gceist **2(b)**.
Is fiosrú stairiúil é an t-aonad measúnaithe seo agus moltar d'iarrthóirí tarraingt as an ábhar cuí uile a ndearna siad staidéar air agus iad ag freagairt ceist **2(b)**.

www.xtrapapers.com

## Rogha 5: An Ghearmáin 1918–1945

Freagair ceist **1(a)** nó **1(b) agus** ceist **2.**

**1 Ceachtar acu**

**(a)** Mínigh cad chuige a raibh éagobhsaíocht pholaitiúil i bPoblacht Weimar idir 1919 agus 1923. [12]

**Nó**

**(b)** Mínigh an dóigh ar bhain réimeas na Naitsithe úsáid as na healaíona agus na meáin mar mhodh rialaithe sa Ghearmáin sa tréimhse 1933–1939. [12]

**2** Léigh na foinsí agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

**"Oíche na Gloine Briste" Shamhain 1938**

**Foinse 1**
Sliocht as tuarascáil Gestapo le Gustav vom Felde, Coimisinéir na bPóilíní in Bielefeld, 26 Samhain 1938. Bhí vom Felde ag tuairisciú do cheanncheathrú an Gestapo i mBeirlín faoi iarmhairtí eachtraí 9-10 Samhain 1938 i gcathair Bielefeld, ar a dtugtar "Oíche na Gloine Briste."

> Scriosadh seacht sionagóg is tríocha sna gníomhartha a bhain le hagóidí i gcoinne na nGiúdach ar 9–10 Samhain 1938. Leagadh breis agus 100 gnólacht agus 110 teach príobháideach. Maraíodh beirt Ghiúdach le linn an fhoréigin. As na 406 Giúdach a cuireadh chuig sluachampa géibhinn Buchenwald, tá ceathrar i ndiaidh bás a fháil go dtí seo. Tá rún daingean ag na Giúdaigh uilig dul ar imirce.
>
> D'imir eachtraí 10 Samhain 1938 tionchar measartha olc ar mheon an phobail i gcoitinne. Ceannairí na nEaglaisí amháin, idir Phrotastúnaigh agus Chaitlicigh, a d'easaontaigh le scriosadh na sionagóg. Go ginearálta, nuair a briseadh fuinneoga i dtithe na nGiúdach, níor chuir sin olc ar bith ar dhaoine. Ar an láimh eile, cáineadh go hoscailte an scrios a rinneadh ar mhaoin tráchtála i measc gach aicme den phobal. Rinneadh dochar do chlú na Naitsithe mar go raibh a fhios ag an chuid ba mhó de na Gearmánaigh gurbh é an Páirtí Naitsíoch a rinne na gníomhartha a bhain le hagóidí i gcoinne na nGiúdach.

www.xtrapapers.com

**Foinse 2**
Sliocht as dialann phearsanta Ulrich von Hassell, 25 Samhain 1938. Taidhleoir Gearmánach a bhí in Hassell. I ndiaidh gur briseadh as a phost é in 1938, thiontaigh sé in éadan na Naitsithe. Sa sliocht seo, tá sé ag cur síos ar an dóigh a ndeachaigh "Oíche na Gloine Briste" i bhfeidhm air.

> Tá mé tromchroíoch brónach mar gheall ar an ghéarleanúint uafásach a rinneadh ar na Giúdaigh sa Ghearmáin, a tharla i ndiaidh do Ghiúdach darbh ainm Herschel Grünspan dúnmharú a dhéanamh ar Ernst vom Rath, taidhleoir Gearmánach i bPáras, ar an 7 Samhain 1938. Is annamh a bhí Goebbels chomh deacair a chreidiúint agus a bhí sé nuair a mhaígh sé gur taom feirge spontáineach i measc an phobail a bhí freagrach as na huafáis. Níl aon amhras ann ná go bhfuil muid ag déileáil le pogram [ionsaí eagraithe] frithGhiúdach a bhí údaraithe go hoifigiúil agus a bhris amach ag an am céanna san oíche ar fud na Gearmáine.

**Foinse 3**
Sliocht ó *The Third Reich in Power 1933-1939* le Richard J. Evans, arna fhoilsiú in 2005.

> Chuir Dlithe Nuremberg sa bhliain 1935 bunús dlí ar fáil do thuilleadh leithcheala i gcoinne na nGiúdach. Bíodh sin mar atá, uair na cinniúna a bhí in "Oíche na Gloine Briste" fosta maidir le géarleanúint na Naitsithe ar na Giúdaigh. Scaoil sé tonn tuile ollmhór den fhíoch scriosach neamhshrianta ina gcoinne agus is ar éigean ar chuir duine ar bith suas di. B'fhéidir go raibh maolú tagtha ar mhothúcháin phobal na Gearmáine i ndiaidh cúig bliana den tsíorbholscaireacht fhrithGhiúdach. Sin, nó b'fhéidir gur cuireadh srian lena n-instinní nádúrtha daonna mar gheall ar an bhagairt shoiléir go ndéanfaí foréigean orthu féin dá ndéanfadh siad an pogram a cháineadh go hoscailte. Bhí an toradh mar an gcéanna, áfach: bhí a fhios ag na Naitsithe go dtiocfadh leo cibé céimeanna breise ba mhian leo a ghlacadh i gcoinne na nGiúdach, agus nach ndéanfadh duine ar bith iarracht iad a stopadh. An cogadh a tosaíodh in aghaidh na Polainne ar an 1 Meán Fómhair 1939, is é a bhí ann ón fhíorthús ná cogadh den choncas chiníoch agus den chinedhíothú.

*© The Third Reich in Power 1933-1939 by Richard J Evans, published by Allen Lane, 2005. ISBN 0713996498*

**(a)** **Déan staidéar ar Fhoinse 1**. Cá húsáidí atá sí mar fhianaise do staraí atá i mbun staidéir ar thionchar "Oíche na Gloine Briste" i Samhain 1938 sa Ghearmáin? [13]

**(b)** Na foinsí **uile agus** do chuid eolais féin in úsáid, meas arbh í "Oíche na Gloine Briste" i Samhain 1938 an uair chinniúnach ba thábhachtaí i bhforbairt pholasaithe na Naitsithe i dtreo na nGiúdach sa Ghearmáin sa tréimhse 1933–1939. [35]

---

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

---

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.